



## An Phríomh-Oifig Staidrimh Central Statistics Office

### Preas Ráiteas Press Statement

#### Fágann fir an scoil níos luaithe agus tá mná níos ardcháilithe

Tá sé níos dóichí go mbeidh cáilíocht tríú leibhéal ag mná ná ag fir. Tá cáilíocht tríú leibhéal ag níos mó ná leathchuid de na mná idir 25 bliain d'aois agus 35 bliain d'aois i gcomparáid le níos lú ná ceathrar fear as deichniúr. Tá sé níos dóichí go bhfágfaidh buachaillí an scoil go luath, agus éiríonn le cailíní níos fearr ná buachaillí ag an dara leibhéal. Tá na fíricí seo ar fáil sa tuarascáil **Mná agus Fir in Éirinn 2011** arna foilsiú ag an bPríomh-Oifig Staidrimh inniu.

Oibríonn mná na hÉireann níos lú uaireanta, tuilleann siad níos lú airgid agus tá siad faoi ghannionadaíocht san Oireachtas agus in údaráis áitiúla agus réigiúnacha. Tá ráta níos airde fostaíochta ag fir, ach tá ráta níos airde dífhostaíochta acu freisin. Tá sé níos dóichí go mbeidh fir sa lucht saothair agus is iad mná den chuid is mó a thugann aire don bhaile/teaghlach. Tá ráta níos airde torthúlachta ag mná in Éirinn ná atá ag mná ó aon tír eile san AE. Is mná iad formhór na n-oibríthe sna hearnálacha Sláinte agus Oideachais, cé gur fir iad formhór na n-oibríthe i dTalmhaíocht, i bhFoirgníocht agus in Iompar. Tá sé níos dóichí go ligfear mná isteach san ospidéal de dheasca dúlagair agus tá sé níos dóichí go ligfear fir isteach de dheasca scitsifríne agus neamhoird alcóil. Is fir iad an chuid is mó d'íospartaigh dhúnmharaithe agus an chuid is mó de dhaonra na bpríosún.

**Oideachas:** B'ionann ráta an lucht fágála scoile i measc ban idir 18-24 d'aois i 2010 agus 8.4%, rud a bhí níos ísle ná an ráta de 12.6% i measc fear. I 2011, fuair níos mó cailíní A nó B ar an bpáipéar onóracha i scrúduithe na hArdteistiméireachta i mBéarla, sa Ghaeilge, sa Fhraincis, i mBitheolaíocht, i gCeimic, in Ealaín agus i gCeol, cé go bhfuair níos mó buachaillí A nó B ar an bpáipéar onóracha i Matamaitic, i bhFisic, i Staidéar Foirgníochta agus in Innealtóireacht. Tá fir freagrach as beagnach cúig shéú de chéimnithe tríú leibhéal in Innealtóireacht, i ndéantúsaíocht agus i bhfoirgníocht agus as 57% de chéimnithe in Eolaíocht, cé go raibh mná freagrach as 82% de chéimnithe i Sláinte agus leas, as 74% in Oideachas agus as 63% in Ealaíona agus Daonnachtaí. Tá sé níos dóichí go mbeidh cáilíocht tríú leibhéal ag mná, agus tá cáilíocht tríú leibhéal ag níos mó ná leathchuid (53%) de mhná idir 25-34 d'aois i gcomparáid le beagnach ceathrar fear as deichniúr (39%) san aoisghrúpa seo (Tábla 3.8, Tábla 4.1, Tábla 4.2 agus Tábla 4.4).

**Fostaíocht:** Sheas an ráta dífhostaíochta d'fhir in Éirinn ag thart ar 75% thar na blianta beaga anuas, ach thit sé go tobann go 67.3% i 2009, laghdaigh sé go géar go 64.5% i 2010 agus thit sé arís go 63.3% i 2011. Is ionann spriocráta an AE maidir le mná a bheith i bhfostaíocht agus 60% faoi 2010, sprioc a chomhlíon Éire i 2007 agus i 2008, ach nár chomhlíon sí i 2009, i 2010 ná i 2011 nuair a thit an ráta go 56%. I 2011, sheas mná do 46.7% díobh siúd a bhí i bhfostaíocht. D'oibrigh fir 39.4 uair in aghaidh na seachtaine ar an meán i 2011 i gcomparáid le 30.6 uair do mhná, agus d'oibrigh beagnach leathchuid (44.5%) d'fhir phósta 40 uair nó níos mó in aghaidh na seachtaine i gcomparáid le 14.7% de mhná pósta (Tábla 2.1, Tábla 2.7, Tábla 2.9 agus Tábla 2.10).

**Dífhostaíocht:** B'ionann an ráta dífhostaíochta d'fhir in Éirinn agus thart ar 5% le blianta beaga anuas, ach i 2009 tháinig méadú mór air go 15.1% agus mhéadaigh sé thar an dá bhliain seo a chuaigh thart le seasamh ag 17.5% i 2011. Bhí méadú géar ar an ráta dífhostaíochta do mhná i 2009 go 8.1%, ráta a sheas ag thart ar 4% thar na blianta beaga anuas, agus mhéadaigh sé thar an dá bhliain seo caite go 10.4% i 2011. Don aoisghrúpa 20-24, bhí thart ar thríú d'fhir agus beagán níos mó ná cúigiú de mhná dífhostaithe i 2011 (Tábla 2.13 agus Tábla 2.14).

**Daonra:** Bhí an ráta is airde torthúlachta san AE ag Éirinn i 2010. Sheas sé ag 2.07, ráta a bhí go mór thar mheánráta an AE de 1.59. D'ardaigh an mheánaois ina saolaíonn mná á gcéad leanbh ó 25 bliain i 1980 go 29.4 bliain i 2010. Bhí 98 fear in aghaidh 100 bean sa daonra in Éirinn i 2011. Ceileann sé seo difríochtaí idir na haoisghrúpaí: ag aoiseanna níos óige, tá níos mó buachaillí ná cailíní ann (toisc go mbeirtear níos mó buachaillí ná cailíní), tá níos lú fear ná mná san aoisghrúpa 20-29 toisc go ndeachaigh níos mó fear ná mná ar eisimirce le blianta beaga anuas, agus ag aoiseanna níos sine, tá níos mó ban ná fir (toisc go maireann mná níos faide ná fir). Don aoisghrúpa 85+, tá 47 fear in aghaidh 100 bean in Éirinn (Tábla 1.1, Tábla 3.12 agus Tábla 3.13).

Tuilleadh/...



An Phríomh-Oifig Staidrimh  
Bóthar na Sceiche Airde  
Corcaigh  
Éire

Oifig i mBaile Átha Cliath  
+353 1 498 4000

Central Statistics Office  
Skehard Road  
Cork  
Ireland

Dublin Office  
+353 1 498 4000



LoCall 1890 313 414 (ROI)  
0808 234 7581 (UK/NI)  
+353 21 453 5000  
+353 21 453 5555  
information@cs.ie  
www.cso.ie

**Cinnteoireacht:** Léiríonn an tuarascáil go bhfuil mná faoi ghannionadaíocht sna struchtúir chinnteoireachta ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal réigiúnach araon. I 2011, níor sheas mná ach do 15.1% de na Teachtaí Dála i nDáil Éireann, agus bhí siad freagrach as beagán níos mó ná trian de bhaill de Bhoird Stáit, as níos lú ná cúigiú de bhaill d'údaráis áitiúla agus beagán níos mó ná trian de bhallraíocht de Choistí Gairmoideachais. B'ionann an mheánionadaíocht i bparlaimintí náisiúnta do thíortha an AE agus beagnach ceathrú i 2011 (Tábla 3.14 agus Tábla 3.15).

**Imirce:** Bhí méid ard inimirce go hÉirinn idir na blianta 2005 agus 2008. I 2006, shroich inimirce 60,300 duine d'fhir. Sa bhliain ina dhiaidh sin, shroich sí 52,100 duine do mhná. Ó shin i leith, thit inimirce go géar go 20,100 duine d'fhir agus 22,300 duine do mhná i 2011. D'ardaigh imirce go géar idir 2006 agus 2011 go thart ar 38,700 fear agus 37,800 bean, rud a raibh ina chúis le heis-sreabhadh glan de 18,600 fear agus de 15,500 bean a bhí ag fágáil na tíre i 2011 (Tábla 1.3 agus Tábla 1.4).

**Sláinte:** Bhí sé níos dóichí go gcuirfí mná san ospidéal i 2010, agus bhí 343 scaoileadh ospidéil in aghaidh 1,000 bean i gcomparáid le 305 scaoileadh in aghaidh 1,000 fear. Tá sé níos dóichí go ligfead fir isteach in ospidéal shíciatracha de dheasca scitsifréine agus neamhoird alcóil, cé go bhfuil sé níos dóichí go ligfead mná isteach de dheasca dúlagair (Tábla 5.7 agus Tábla 5.10).

**Príomhstádas Eacnamaíoch:** Bhí sé níos dóichí go mbeadh fir sa lucht saothair ná mná in Éirinn i 2011, agus bhí beagán níos lú ná seachtar fear os cionn 15 bliana d'aois as deichniúr ag obair nó dífhostaithe, cé go raibh beagán níos mó ná leathchuid de mhná sa lucht saothair. Bhí níos mó ná leathmhilliún bean ag tabhairt aire don bhaile/teaghlach i 2011 i gcomparáid le 9,600 fear (Tábla 3.1).

**Gairmeacha:** Bhí 851,300 bean agus 970,000 fear fostaithe in Éirinn i 2011. Bhí beagnach ceathrú (23.7%) de mhná fostaithe i ngairmeacha gairmiúla agus bhí beagán níos mó ná cúigiú (20.9%) fostaithe i ngairmeacha riaracháin agus rúnaíochta. I 2011, bhí beagnach ceathrú (24.7) d'fhir fostaithe i ngairmeacha ceirdeanna oilte agus bhí 15% díobh fostaithe i ngairmeacha gairmiúla (Tábla 2.7).

**Earnálacha eacnamaíocha:** Bhí na céatadán is airde de mhná fostaithe sna hearnálacha Oideachais agus Sláinte i 2010 agus bhí mná freagrach as níos mó ná ceathrar as cúigear a bhí ag obair san earnáil Sláinte agus as beagnach trí cheathrú díobh a bhí ag obair in Oideachas. B'ionann na hearnálacha ina raibh na céatadán is airde d'fhir i 2010 agus na hearnálacha Foirgníochta, Talmhaíochta agus Iompair. San oideachas bunscoile, is mná iad 85% de mhúinteoirí. Agus san oideachas dara leibhéal, is mná iad 63% de mhúinteoirí. In ainneoin seo, níl mná dea-ionadaithe i bpoist shinsearach: ní sheasann mná ach do 36% de chomhairleoirí leighis agus fiaclóireachta, is mná iad 53% de bhainisteoirí bunscoile, agus is mná iad 41% de bhainisteoirí scoile dara leibhéal (Tábla 2.8, Tábla 4.6, Tábla 4.8 agus Tábla 5.14).

**Ioncam:** Léiríonn an tuarascáil gurb ionann ioncam na mban i 2009 agus thart ar 73% d'ioncam na bhfear. Tar éis coigeartú a dhéanamh do na huairéanta níos faide a oibríonn fir, b'ionann tuilleamh na mban in aghaidh na huairé agus thart ar 94% de thuilleamh na bhfear in aghaidh na huairé (Tábla 3.3).

**Bochtaineacht:** B'ionann céatadán na bhfear a bhí i mbaol bochtaineachta i 2010, tar éis pinsean agus aistrithe sóisialta, agus 15%, beagán níos mó ná an ráta de 14% do mhná. Bhí na rátaí a bhaineann le baol bochtaineachta i bhfad níos ísle díobh siúd a bhí i bhfostaíocht, ag 10% d'fhir agus ag 5% do mhná (Tábla 3.6).

**Coireacht:** Cimíodh 12,487 duine faoi phianbhreith i 2010, agus sheas mná do dhuine amháin as ochtar díobh siúd. Bhí 47 fear agus 11 bean ina n-íospartaigh dhúnmharaithe/dhúnorgana i 2010 (Tábla 6.1 agus Tábla 6.4).

*Nóta ón Eagarthóir*

*Tá Mná agus Fir in Éirinn, 2011 ar fáil ar shuíomh gréasáin an CSO ([www.cso.ie](http://www.cso.ie))*

*Is féidir an tuarascáil a cheannach ó:*

*An Phríomh-Oifig Staidrimh, Rannóg Eolais, Bóthar na Sceiche Airde, Corcaigh*

*Oifig Díolta Foilseachán an Rialtais, Teach Sun Alliance, Sráid Theach Laighean, Baile Átha Cliath 2*

*Praghas: €5*